# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

12 Deireadh Fómhair 2023 || Eagrán 168

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le breis agus trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Is pointe eolais agus foinse taitnimh é *Scéal, Scéal, Scéal...* agus ba bhreá linn dá mbeadh ionchur ag an bpobal ann. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil agus a phlé. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!**






# COMÓRTAS FILÍOCHTA BASHO

Tá comórtas filíochta, bunaithe ar an ‘Haiku’ á reáchtáil ag IMRAM i gcomhar le Éigse Éireann. Duais Basho is ainm don chomórtas atá dírithe ar scoileanna iar-bhunoideachais. Dáinín gairid atá i gceist le ‘haiku’ a tháinig chun cinn sa tSeapáin agus a bhláthaigh sa 17ú haois faoin máistir mór Bashō. Ní bhíonn ach trí líne ann de ghnáth, gan dul thar 17 siolla. Díríonn an haiku traidisiúnta ar an dúlra agus ar shéasúir na bliana. ‘Sé Gabriel Rosenstock a bheas ina mholtóir ar an gcomórtas. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 20 Deireadh Fómhair. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le: eigse@poetryireland.ie

# CORN PHEAIT PHÁDRAIC TOM Ó CONGHAILE

Beidh Comórtas Chorn Pheait Phádraic Tom Ó Conghaile ar siúl ar an Domhnach 15 Deireadh Fómhair i Scoil Éinne, sa Spidéal. Is i gcuimhne ar an amhránaí sean nóis Peait Phádraic Tom Ó Conghaile as Leitir Péic An Spidéal, atá an comórtas. Ghnóthaigh Peait Phádraic Tom an dara háit i gComórtas na bhFear ag Oireachtas na Gaeilge in 1955 agus an chéad áit i 1956. Mhúin sé amhráin sean-nós do ghasúir óga san Gaelacadamh sa Spidéal idir 1980 agus 1992. Tabharfaidh an comórtas deis do dhaoine óga an cheantair taithí agus cleachtadh a fháil ar an amhránaíocht ar an sean -nós. Is féidir clárú ar an lá. Cuirfear tús le cúrsaí @ 12 meánlae. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Caitlín ag cnichonghaile@forasnagaeilge.ie



# CEARDLANN DO CHUMADÓIRÍ AMHRÁN

**Tá ceardlann do chumadóirí amhrán Gaeilge á réachtáil ag Cló Iar-Chonnacht sa Spidéal ar an Satharn 28 Deireadh Fómhair i gcuimhne ar Phádraig Ó hAoláin (1944 - 2021), Tiobrad Árannach ildánach a chum an t-amhrán 'Cóilín Phádraig Shéamais'. Beidh an cheardlann dírithe ar chumadóirí amhrán den uile chineál. Tugtar cuireadh do chumadóirí ar mhaith leo a bheith páirteach sa gceardlann sampla dá saothar a sheoladh chuig Micheál Ó Conghaile roimh 21 Deireadh Fómhair. Beidh fáilte roimh ábhar ó chumadóirí nua chomh maith le cumadóirí aitheanta. Roghnófar na saothair is feiliúnaí le plé ag an gceardlann agus seolfar saothar gach cumadóra chuig gach duine a bheas ag freastal ar an gceardlann, le go mbeidh deis roimhré acu iad a léamh is a mheas. Níl aon táille i gceist. Tá áit do dheichniúr ar an gceardlann. Le áit a chur in áirithe ar an gceardlann ní mhór do chumadóir sampla dá c(h)uid oibre a sheoladh chuig moccic22@outlook.com faoin Satharn 21 Deireadh Fómhair. Micheál Ó Conghaile agus Ciarán Ó Fátharta a bhéas i mbun na ceardlainne.**

# AN CAFÉ GAELTACHTA

**Beidh ‘Bon Viveurs na Gaillimhe - An Café Gaeltachta’ ar siúl i bPOTA ar an Aoine 13 Deireadh Fómhair. Tabharfaidh Diarmuid Ó Mathúna léargas ar bhia nádúrtha na Gaeltachta ar an oíche. Moltar do spás a chur in áirithe roimh ré ach an nasc Eventbrite seo a úsáid: https://www.eventbrite.com/e/an-cafe-gaelach-tickets-707765324137?aff=oddtdtcreator**
**Tá an ócáid seo é reáchtáil ag an mBruach Thoir - is féidir tuilleadh eolais a fháil ag: www.bruachthoir.com**

# FOLÚNTAIS AG AN mBOGHA CEATHA

Tá an Bogha Ceatha ag iarraidh cur lena bhfoireann, dá ngrúpa iarscoile. Níl aon cháilíochtaí ag teastáil ach tá sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge chumarsáideach ag iarrthóirí, go mbeadh iarrthóirí cineálta, cairdiúil agus sásta a bheith ag obair le gasúir idir 4-12 bliain d'aois. 1:30-5:30 na huaireanta oibre. Le níos mó eolais a fháil, glaoigh ar 091 897 851

# SEOLADH FEACHTAIS

Seolfar feachtais bailiúcháin airgid ag Scoil Cholmcille, Ros a' Mhíl ar an Aoine 20 Deireadh Fómhair @ 7.i.n. Táthar ag súil gur uair an chloig a mhairfidh an seoladh. Fáilte roimh chách!

# CRUINNIÚ CINN BHLIANA: COMHARCHUMANN SHAILEARNA

Beidh Cruinniú Cinn Bhliana de chuid Chomharchumann Sailearna á reáchtáil ar an Máirt 17 Deireadh Fómhair i Seanscoil Sailearna, ag tosú @ 8i.n. Le freastal ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil ní mhór a bheith i do scairshealbhóir den Chomharchumann. Beidh folúntais le líonadh ar an mBord Stiúrtha, ag an gcruinniú. Le seasamh don Bhord Stiúrtha caithfidh tú bheith i do scairshealbhóir agus bíonn foirm ainmniúcháin le líonadh. Bhí foirmeacha á ghlacadh ag an gComharchumann suas go dtí seachtain ó shin. Le tuilleadh eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gComharchumann ag 091 399 199

# FÉILE CHOIS FHARRAIGE

**Bhí neart imeachtaí idir cúrsaí litríochta, amhránaíochta agus ceoil, ceardlanna drámaíochta agus amhránaíochta, scannán agus imeachtaí faoin aer ar bun ar fud Chois Fharraige an tseachtain seo caite. Ócáid ar leith a bhí in Áras Chois Fharraige nuair a sheol Tadhg Mac Dhonnagáin *Scéalta na gComharsan* scéalta agus cuimhní cinn a chuir scór go leith scéalaithe as Áras Chois Fharraige agus Tearmann Éanna i dtoll a chéile i gcomhar le Bríd Treasa Ní Ghaoithín agus le Máire Ní Chualáin ón eagraíocht *Fighting Words*. Pléadh cúrsaí foilsitheoireachta Tigh Chualáin, seoladh *Deirdre*, saothar nua le Darach Ó Scolaí Tigh Mholly, caitheadh seal le Gearóid Ó Murchú, *An Spailpín Fánach* é féin, agus é ag cur síos ar a shaol idir chúrsaí gnó agus ceoil sa bPOTA, bhí seisiúin sean-nóis Tigh Chualáin agus Tigh Phádraigín, bhí seisiún ceoil i gCois Cuain. 'Spáineadh *Tarrac* an scannán nua eisithe a bhfuil cúrsaí rámhaíocht naomhóg lárnach sa téama i Seanscoil Sailearna agus bhí dhá sheisiún scéalaíochta do ghasúir i Leabharlann an Spidéil. Eagraíodh maidin chaife sa mBláth Fiáin sa Spidéal agus reáchtáil Diarmuid Ó Mathúna ceardlann cócaireachta do theaghlaigh sa bPOTA. Chuir Ceoltóirí Óga Chois Fharraige an-choirmcheoil go deo i láthair i Seanscoil Sailearna ar oíche an tSathairn. Is údar mórtais don cheantar cumas amhránaíochta, ceoil agus teacht i láthair aos óg na dúiche. Ghlac suas le leathchéad duine páirt i siúlóid an-taitneamhach ón Airdín Buí sa Spidéal go dtí fothracha an tí inar rugadh Máirtín Ó Cadhain áit ar thug Séan Ó Cadhain, mac dreathára le Máirtín an-phíosa cainte uaidh faoi stair na muintire agus faoin údar féin. Léigh baill d'Aisteoirí an Spidéil *Glantachán Earraigh*, scéal as an gcnuasach *Cois Caoláire* ag an gCéibh Nua. Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga a dhéanann comhordú ar Fhéile Chois Fharraige.**


Scéalta na gComharsan
Scéalta ó Áras Chois Fharraige & Tearmann Éanna
Féile Cois Farraige
Scéalta na gComharsan
Ceallach
Raic
An Garda Cósta


Scéalta na gComharsan

# COMÓRTAS NA mBAILTE SLACHTMHARA

Tugadh ardmholadh don Spidéal aríst i mbliana i gComórtas na mBailte Slachtmhara. Tugadh 352 pointe don Spidéal, 11 pointe níos mó ná anuraidh. Is sa tríú háit i gContae na Gaillimhe a tháinig An Spidéal. Sa tuairisc a thug na moltóirí, moladh go hard an bealach siúil cois cladaigh agus luadh go háirithe Droichead Timín Joe Tim agus an dealbh don scríbhneoir Máirtín Ó Cadhain. Tá an chreidiúint ag dul don fhochoiste atá ag Comhlacht Forbartha an Spidéil a bhíonn ag obair go deonach le sráidbhaile an Spidéil a choinneáil glan is néata. Comhghairdeachas leis an bhfochoiste - treise libh!

# ÉISTEACHTAÍ DO GHEAMAIREACHT NA NOLLAG

Tá éisteachtaí do gheamaireacht na Nollag ‘Fionn agus Clochán an Aifir’ á reáchtáil ag FÍBÍN sa Taibhdhearc ar an Satharn 14 Deireadh Fómhair, ag tosú @ 11r.n. Tá na héisteachtaí oscailte do ghasúir idir 7-12 bliain d’aois. Tabharfar script ghairid don duine ó ar an lá agus má tá siad compordach ag canadh, déan cinnte go bhfuil véarsa d’amhrán réidh acu don éisteacht freisin. Le suim a léiriú sna héisteachtaí, ní mór an fhoirm seo a líonadh roimh ré: https://forms.gle/XmktiCBZAseNjE299 agus beidh An Taibhdhearc i dteagmháil maidir leis na sonraí cuí.



# AISTEOIRÍ AN SPIDÉIL

Tá rún ag Aisteoirí an Spidéil An Solas Dearg, dráma le Antaine Ó Flatharta a léiriú i dtús mhí na Nollag. Seo an tríú dráma stáitse ó pheann an Fhlathartaigh a bhfuil an Ghaeilge agus an Ghaeltacht mar théama ann. Tionscal na méan, ábhar comhaimseartha agus tráthúil do cheantar Chois Fharraige atá i gceist ann. Mike Ó Conaola a léireoidh an dráma agus reáchtáilfear éisteachtaí ar an Luan 16 Deireadh Fómhair ag 8i.n in Inis Fáil, trasna ó Chill Éinde sa Spidéal, le cliar a roghnú. Cuirfear fáilte mhór roimh bhaill nua idir aisteoirí agus foireann léirithe agus cúlstáitse. Tá breis eolais le fáil ach glaoch a chur ar 086-2732279.

# RÚNAÍ AG PARÓISTE AN SPIDÉIL

Tá Siobhán Comiskey ceaptha mar Rúnaí páirt-aimseartha do Pharóiste an Spidéil. Tá oifig leagtha amach in aice an tsacraistí i gCill Éinde sa Spidéal agus beidh fáil uirthi ann chuile Mháirt idir 10.30 r.n agus 2.30 i.n agus chuile Aoine idir 9.00 r.n agus 1.00 i.n. Déanfaidh Siobhán cúram de chlár ama na nAifrinntí, baisteadh, póstaí agus rl. 083-8126754 an uimhir ghutháin agus cilleinde@outlook.ie an seoladh ríomhphoist atá ag Siobhán.

# GRÚPA SCRÍBHNEOIREACHTA CHOIS FHARRAIGE

Tá sé socraithe ag Grúpa Scríbhneoireachta Chois Fharraige gur ar an gcéad Chéadaoin den mhí a bheas an grúpa ag teacht le chéile i gCois Cuain, sa Spidéal @ 7:30i.n. Le tuilleadh eolais a fháil faoin ngrúpa is féidir teagmháil a dhéanamh le Máire ag 086 822 0272 Cuirfear fáilte roimh scríbhneoirí le taithí agus scríbhneoirí nua.





# SCÉALAÍOCHT LE
# MÁIRIN MHIC LOCHLAINN

**Beidh Ceardlanna Scéalaíochta á reáchtáil ag Máirín Mhic Lochlainn in Ionad an Léann Éireannach in Ollscoil na Gaillimhe go luath. Beidh seisiún amháin ar siúl i Mionlach ar an gCéadaoin 18 Deireadh Fómhair agus beidh an chéad cheann eile ar siúl san Ionad ar Bhóthar na Díge ar an gCéadaoin 25 Deireadh Fómhair. Cuirfear tús leis an ceardlanna @ 7i.n. agus tá fáilte mhór roimh an bpobal!**

# AIREACHAS DO PHÁISTÍ

Cuirfear tús le ranganna Aireachas do Pháistí go luath ag Teach na Gaeilge, Maigh Cuilinn. Beidh na seisiúin seo ar siúl ar an Máirt @ 3:30i.n., tar éis na scoile. Cuirfear tús leis an gcúrsa nua ar an Máirt 7 Samhain agus mairfidh an cúrsa ar feadh sé seachtaine. Tá costas €80 ar an gcúrsa. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le Katie ag www.solasrelaxation.com /faoilathair






# OÍCHE OSCAILTE AG COLÁISTE CHOLMCILLE

Tugtar cuireadh do dhaltaí bunscoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí teacht ar cuairt chuig Coláiste Cholmcille ar an gCéadaoin 18 Deireadh Fómhair ó 6-8i.n. le haghaidh Oíche Oscailte na Scoile. Beidh píosa cainte ó phríomhoide na scoile, Peadar Ó Sé ar siúl ar dtús báire, @ 6i.n. sular dtabharfar na cuairteoirí ar cuairt thar timpeall na scoile. Cuirfear soláistí ar fáil ar an oíche chomh maith. Fáilte roimh chách!

